An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar Ghaeilge
TUAIRISC

Saint Paul's Secondary School
Uachtar Ard, Contae na Gaillimhe
Uimhir Rolla: 63101K

Dáta na cigireachta: 29 Eanáir 2016



TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta na cigireachta	28 agus 29 Eanáir 2016
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith seacht dtréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go han-mhaith nó go maith sna ceachtanna go léir i gcaitheamh na cigireachta.
- Bhí Gaeilge mhaith ag na scoláirí agus iad breá sásta í a úsáid.
- Bhain láidreachtaí suntasacha leis an soláthar atá curtha ar fáil do mhúineadh agus d'fhoghlaim na teanga sa scoil.
- Bhí an-dul chun cinn déanta i bhformhór na bpleananna curaclaim ach bhí gá le forbairt i gcás an bheagáin díobh.
- Bhí an phleanáil ghearrthéarmach agus an t-ullmhúchán sa réimse idir go maith agus go han-mhaith sna ceachtanna ar fad

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar polasaí measúnaithe a fhorbairt a thabharfadh creat scoile uile don mheasúnú sna hábhair ar fad.
- Bheadh sé tairbheach forbairt a dhéanamh ar phleananna curaclaim na hArdteistiméireachta chun an teanga a mhúineadh ar bhealach comhtháite téamach.
- B'fhiú go mór céimeanna insroichte a cheapadh chun dul chun cinn sna réimsí atá aitheanta sa phlean gníomhaíochta a bhaint amach.

RÉAMHRÁ

Scoil chomhoideachais is ea Saint Paul's Secondary School. Is í an t-aon mheánscoil í atá ag soláthar oideachais dara leibhéal in abhantrach bhaile Uachtar Ard. Tá 413 scoláire cláraithe agus tá clár na hIdirbhliana ar churaclam na scoile ar bhonn éigeantach.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Áiríodh an teagasc agus an fhoghlaim a bheith ar ardcháilíocht nó ar cháilíocht a bhí go maith sna ceachtanna ar fad a breathnaíodh.
- Roinn na múinteoirí go léir na spriocanna foghlama leis na scoláirí ag tús na gceachtanna agus tugadh faoi sheisiún faisnéise ag deireadh an cheachta i gcás amháin. Is inmholta an cleachtas é seo agus moltar níos mó úsáide a bhaint as ar mhaithe leis na scoláirí a chumasú chun a dtorthaí foghlama féin a aithint.
- B'fhearr an cleachtas sna ceachtanna sin inar cruthaíodh deiseanna éagsúla do na scoláirí chun dul i ngleic le hábhar an cheachta ar bhealach fiúntach agus ina ndearnadh cleachtadh agus athchleachtadh ar na gnéithe céanna den teanga ar bhealaí éagsúla.
- Bhí an comhtháthú a rinneadh ar scileanna uile na teanga go han-mhaith i dtromlach na gceachtanna agus bhí an-éagsúlacht sna gníomhaíochtaí ranga a chuir le tairbhe na foghlama.
- I gcás níos lú ná leath de na ranganna rinneadh achoimrí cumasacha ar réamheolas na scoláirí trí mheán na tobsmaointeoireachta mar aon le ceangail eiseamláireacha idir ábhar na gceachtanna agus iarfhoghlaim na scolaírí. Moltar úsáid níos forleithne a bhaint as na teicnicí seo.
- Rinneadh obair réamhscileanna go han-mhaith leis na scoláirí, rud a chuir ar a gcumas na tascanna difriúla a chur i gcrích. Rachadh sé chun tairbhe na foghlama obair iarscileanna a dhéanamh mar ghnáthnós i ngach ceacht.
- D'fhreastail na múinteoirí go han-mhaith ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí le linn na hoibre tascbhunaithe i gcás formhór na ranganna. Moltar am ar leith a shocrú don tasc roimh ré agus róil éagsúla a bheith ag gach ball den ghrúpa.
- Baineadh úsáid mhaith as clár an tseomra ranga nó as acmhainní teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a chuir le foghlaim na scoláirí le linn gach ceachta. Tá scóip chun forbartha maidir le húsáid TFC i dteagasc agus foghlaim na teanga sa scoil.
- Thapaigh múinteoirí na deiseanna ar scileanna meiteachognaíocha na scoláirí a threisiú agus straitéisí foghlama comhréire agus straitéisí foghlama foclóra á múineadh acu. Moltar leas níos forleithne a bhaint as cur chuige dá macasamhail.
- Ba í an Ghaeilge a bhí in úsáid mar mheán teagaisc ag na múinteoirí sna ranganna go léir. Bhí nósanna imeachta maithe in úsáid maidir le haird na scoláirí a dhíriú ar rialacha gramadaí na teanga agus an tionchar a imríonn cur i bhfeidhm na rialacha ar fhuaimniú na bhfocal.
- Bhí scileanna grádaithe maithe in úsáid ag na múinteoirí, uaireanta le geáitsíocht, a thug léargas ar bhrí an spriocfhoclóra in ionad a bheith ag brath an iomarca ar mhodh an aistriúcháin.
- Bhí Gaeilge mhaith ag na scoláirí agus iad breá sásta í a úsáid.

- Bhí cumas an-mhaith ag na múinteoirí go léir i riar ranga agus bhí atmaisféar an-tacúil don fhoghlaim i réim chomh maith le hionchais arda foghlama ag na múinteoirí do na scoláirí faoina gcúram. Moltar tuilleadh straitéisí foghlama a mhúineadh do gach bliainghúpa chun an fhoghlaim neamhspleách a chothú.
- Bhí timpeallacht foghlama eiseamláireach d'fhoghlaim na teanga le feiceáil sa seomra ranga ina múintear an Ghaeilge.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Cuirtear soláthar an-mhaith ar fáil do theagasc agus d'fhoghlaim na teanga sa scoil seo.
- Is céimithe le Gaeilge iad na múinteoirí go léir atá ag múineadh na Gaeilge sa scoil agus tá taithí ag a bhformhór mór ar mhúineadh ag an dá thimthriall agus ag na leibhéil scrúdaithe difriúla.
- Tá sé le moladh gur ghlac foireann na Gaeilge páirt in oiliúint ghairmiúil leanúnach (OGL) ag leibhéil éagsúla, cúrsaí inseirbhíse de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) don Ghaeilge san áireamh. Anuas air sin, soláthraítear clár cuimsitheach OGL ar bhonn na scoile uile agus is inmholta é méid agus cáilíocht na taighde atá déanta ar shealbhú na teanga ag leibhéal na roinne.
- Bhain caighdeán eiseamláireach leis na hacmhainní atá á gcnuasach agus á roinnt do theagasc agus foghlaim na Gaeilge.
- Tá díolúine ón nGaeilge de réir fhorálacha Imlitir M10/94 ag deich faoin gcéad de mhóriomlán na scoláirí.
- Glacann scoláirí na scoile seo páirt i réimse maith imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim agus é mar chuspóir ag an roinn eispéaras a thabhairt do na scoláiri ar an nGaeilge mar theanga bheo sa rang agus lasmuigh den rang.
- Bhí polasaí obair bhaile forbartha ag an scoil agus tá sé inmholta go raibh béim ar na scileanna teanga go léir sa pholasaí seo. Cuirtear na ceithre scil teanga san áireamh sna scrúduithe a dhéanann na scoláirí i gcaitheamh na scoilbhliana freisin.
- Déantar ceartúcháin chomhréire agus mheicniúla ar obair na scoláirí ar bhonn rialta agus tá stráitéisí in úsáid a chinntíonn go bhfuil na scoláirí ag foghlaim de thairbhe na gceartúchán.
- Tá córais mhaithe forbartha le bliainghrúpaí áirithe scoláirí a chumasú measúnú a dhéanamh ar a gcuid foghlama féin agus ar fhoghlaim a gcomhscoláirí. Moltar na rúibricí a aontú ionas go mbeadh na scoláirí go léir in ann a gcuid scileanna teanga féin a mheasúnú agus scileanna teanga scoláirí eile a phiarmheasúnú.
- Tá an measúnú chun foghlama á athbhreithniú faoi láthair mar chuid den phróiseas féinmheastóireacht scoile (FMS). Moltar polasaí measúnaithe a fhorbairt a thabarfadh creat scoile uile don mheasúnú sna hábhair ar fad.
- Déantar anailís an-mhaith ar thorthaí na scrúduithe teistiméireachta ag leibhéal na bainistíochta agus bíonn torthaí na hanailíse seo mar cheann de na bunfhoinsí a threoraíonn próiseas na pleanála don teanga.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Bhí an-dul chun cinn déanta i bhformhór na bpleananna curaclaim agus moltar forbairt a dhéanamh ar phleananna curaclaim na hArdteistiméireachta chun an teanga a mhúineadh ar bhealach comhtháite téamach agus na pleananna curaclaim is fearr a úsáid mar eiseamláirí chun an obair seo a threorú.
- Moltar *Punann na dTeangacha Eorpacha* a chur san áireamh mar cheann de na huirlisí measúnaithe i gcaitheamh na hIdirbhliana agus córas creidiúintí clár uile a fhorbairt freisin. Cabhróidh an dá thionscnamh seo breis béime a chur ar phróiseas na foghlama.
- Tá plean gníomhaíochta deartha ag an roinn bunaithe ar na tosaíochtaí atá aitheanta acu don scoilbhliain seo. B'fhiú go mór anois céimeanna insroichte a cheapadh chun dul chun cinn sna réimsí aitheanta a bhaint amach.
- Bhí cáilíocht na pleanála gearrthréimhsí agus cáilíocht an ullmhúcháin do na ceachtanna sa réimse a bhí idir go maith agus go han-mhaith sna ceachtanna ar fad.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

Foilsithe Meitheamh 2016